C/2026/3903

16.7.2026

Fógra atá le tabhairt ar aird na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua

(C/2026/3903)

Dírítear aird Francisco Néstor MONCADA LAU (uimh. 4), Rosario María MURILLO ZAMBRANA (uimh. 7), Gustavo Eduardo PORRAS CORTÉS (uimh. 8), Alba Luz RAMOS VANEGAS (uimh. 12), Juan Carlos ORTEGA MURILLO (uimh. 13), Camila Antonia ORTEGA MURILLO (uimh. 15), Laureano Facundo ORTEGA MURILLO (uimh. 16), Lumberto Ignacio CAMPBELL HOOKER (uimh. 19), Nahima Janett DÍAZ FLORES (uimh. 20) agus Póilíní Náisiúnta Nicearagua (uimh. 1), daoine agus eintiteas atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine agus na n-eintiteas thuasluaite a choimeád agus leasú déanta ar na ráitis ar chúiseanna/nó an fhaisnéis. Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a fháil a bhaineann leis na bearta sriantacha a choinneáil ar bun **roimh an 23 Iúil 2026** chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L 262, 15.10.2019, lch. 58.
[2] IO L 262, 15.10.2019, lch. 1.